CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/326 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 lena n-údaraítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmad áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1074)

(Is é an téacs i bhFraincis atá barántúil, agus an téacs sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 129(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Meitheamh 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ([2]) ("an Cinneadh") lena n-údaraítear beart sealadach arna ghlacadh ag an bhFrainc i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmad áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara.

(2) De bhun Airteagal 1(1) den Chinneadh, údaraíodh an beart sealadach le haghaidh tréimhse 27 mí ón dáta a ghabh éifeacht leis an gCinneadh, tréimhse dar críoch, dá bhrí sin, an 7 Meán Fómhair 2021.

(3) Beartaíodh tréimhse 27 mí chun dóthain ama a sholáthar chun an nós imeachta srianta a thabhairt i gcrích, nós imeachta ar chuir Airteagal 129(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 iachall ar an bhFrainc é a thionscnamh trí shainchomhad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Ceimiceán Eorpaí (an Ghníomhaireacht) i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin ("sainchomhad Iarscríbhinn XV"), laistigh de 3 mhí ón gCinneadh.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1839 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 dáta éaga an fhormheasa maidir le créasóid a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8. Rinneadh an méid sin d'fhonn an t-am is gá chun tuairim na Gníomhaireachta a ullmhú agus a chur isteach, chun an t-am sin a chur san áireamh chomh maith leis an am is gá chun a chinneadh an bhfuil ceann amháin ar a laghad de choinníollacha Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) comhlíonta agus cé acu a fhéadfar an formheas maidir le créasóid a athnuachan dá bhrí sin nó nach bhféadfar.

(5) Níor thionscain an Fhrainc an nós imeachta srianta laistigh de 3 mhí ón gCinneadh. Raon feidhme agus ábhar shainchomhad Iarscríbhinn XV atá le cur isteach, áitíonn an Fhrainc go bhfuil sé nasctha go dlúth le conclúidí an phlé ar athnuachan nó neamh-athnuachan an fhormheasa maidir le créasóid faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sa tslí go n-áirithítear comhsheasmhacht dhlíthiúil idir conclúidí an phlé sin agus srian a d'fhéadfadh a bheith ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Gheall an Fhrainc go gcuirfeadh sí sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach faoin 1 Feabhra 2022 ionas gur féidir conclúidí an phlé sin a thabhairt san áireamh.

([1]) IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 lena n-údaraítear beart sealadach arna ghlacadh ag Poblacht na Fraince i gcomhréir le hAirteagal 129 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán (REACH) chun srian a chur ar úsáid agus ar chur ar an margadh adhmad áirithe atá cóireáilte le créasóid agus substaintí eile gaolmhara (IO L 154, 12.6.2019, lch. 44).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1839 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le créasóid a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 (IO L 372, 20.10.2021, lch. 27).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

(6) An tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith, ba cheart gur tréimhse í a d'fhágfadh go mbeifí in ann an nós imeachta srianta a thabhairt i gcrích. I bhfianaise na n-amlínte a bhaineann leis an nós imeachta srianta, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith, agus is é an fad céanna a ríomhtar sa Chinneadh ba cheart a bheith sa síneadh sin, eadhon 27 mí ón dáta a cuireadh sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach.

(7) Na cúiseanna le húdarú a thabhairt don bheart sealadach, cúiseanna a thuairiscítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961, níl aon athrú tagtha ar na cúiseanna sin. Dá thoradh sin, an beart sealadach a bheith údaraithe, is rud é ba cheart leanúint ar aghaidh.

(8) Chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, éiginnteacht dhlíthiúil a bheadh mar thoradh ar dhul in éag údarú bheart sealadach na Fraince sula gcuirfear an nós imeachta srianta i gcrích, is gá síneadh, le héifeacht chúlghabhálach, a chur leis an tréimhse a ndéantar an beart sealadach a údarú ina leith. Ba cheart, dá bhrí sin, an tréimhse a ríomh ón 8 Meán Fómhair 2021 seachas ón dáta a mheastar a chuirfear sainchomhad Iarscríbhinn XV isteach, agus dá réir sin ba cheart 5 mhí sa bhreis a chur leis, ionas gur 32 mhí a bheidh i síneadh iomlán na tréimhse.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961 a leasú dá réir.

(10) Tá an Cinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 133 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/961, cuirtear "59 mí" in ionad "27 mí".

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 8 Meán Fómhair 2021.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún